nuntas

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

“Tá SFAÉ tiomanta don sármhaitheas ina freastal ar riachtanais othar, trí ghairmiúlacht na foirne agus flaithiúlacht ár ndeontóirí.”

An Clár

Teachtaireacht an Chathaoirligh	03
Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh	05
Tuarascáil an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine	09
Optamú úsáid bhronntanas lómhar an deontóra	13
Feidhmiú i gcomhshaol buanathraitheach	19
Ar thóir na sármhaitheasa	25
Tacú le dea-chleachtas i gcúram othar	27
Forfheidhmiú an athraithe agus seachadadh éifeachtachtaí	33
Airgeadas	34
Rialachas Corparáideach	37
Sonraí Teagmhála	40

Ár Luachanna

Sármhaitheas Seirbhíse
Bainfimid sármhaitheas amach trí sheirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh dár n-othar agus dár ndeontóirí.

Meas
Cuirfimid cóireáil lách measúil ar dheontóirí, othair, comhghleacaithe agus cách eile a mbíonn caidreamh againn leo.

Ionracas
Táimid tiomanta don ionracas agus d'oscailteacht inár mbeartaíocht uile.

Foghlaim
Táimid tiomanta d'fhoghlaim eagraíochtúil leanúnach, d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta, agus do thaighde.

Cuntasacht
Geallaimid a bheith cuntasach chun na gcaighdeán is airde gairmiúlachta, pearsanta agus poiblí.

Obair Bhúine
Geallaimid comhoibriú le chéile ar bhealach atá dearfach agus cuiditheach.



"Tá buntábhacht le saincheist na sábháilteachta, agus baintear úsáid dá réir as gach dul chun cinn sna teicnící scagtha agus tástála."

Teachtaireacht an Chathaoirligh

An phríomhchúis le SFAÉ a bheith ann ná, chun leor-chomhpháirteanna fola sábháilte ar chaighdeán domhanda a sholáthar, agus freastal cuí a dhéanamh ar chliniceoirí na n-ospidéil atá againn. Bhaineamar an cuspóir seo amach i 2007.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl i dtaobh tiomantais agus iarrachtaí fhoireann SFAÉ i rith na bliana agus an tseirbhís thábhachtach náisiúnta seo á seachadadh acu.

Tá buntábhacht le saincheist na sábháilteachta, agus baintear úsáid dá réir as gach dul chun cinn sna teicnící scagtha agus tástála. Ach cuireann dianfheidhmiú na mbearta sábháilteachta atá á síorfhorbairt brú leanúnach ar sholáthairtí deontóra.

Ní cóir beag a dhéanamh de chion tairbhe deonach na ndeontóirí. Níl ach 3% den phobal ina ndeontóirí rialta, agus ní mór an bonn seo a leathnú má táthar le leorsholáthairtí a chinntiú. Táimid tiomanta mar Bhord feasacht an phobail a mhéadú ó thaobh thábhacht agus ollásacht a gcion tairbhe do sheirbhísí sláinte na hÉireann.

Beidh mórbhreithniúchán á dhéanamh ag an mBord sna míonna atá romhainn ar an mbealach ina léirímid próifíl SFAÉ. Aithnímid flathúlacht ar leith ár ndeontóirí agus táimid an-bhuíoch aisti.

Tá forbairt an ionaid nua i gCorcaigh mar thosaíocht i gcónaí ag an mBord, agus táimid ag feitheamh ar chinneadh an Aire Sláinte agus Leanaí ina leithsean. Ba mhaith liom, freisin, aitheantas a thabhairt do chion tairbhe agus do thacaíocht chomhaltaí an Bhoird le linn na bliana seo caite.

Maura McGrath
Cathaoirleach

"Is í an fheidhm is criticiúla atá ag SFAÉ ná soláthar seasmhach fola a choinneáil."

Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh

Is ábhar áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2007 a chur ar fáil thar ceann SFAÉ.

Is í an fheidhm is criticiúla atá ag SFAÉ ná soláthar seasmhach fola a choinneáil. Déantar amhlaidh trí fhlathúlacht ár ndeontóirí, a bhronnann bua na beatha orthu siúd atá breoite, a bhfuil máinliacht roghnach de dhíth orthu, agus a fhulaingíonn mórthráma. Táimid thar a bheith buíoch dóibh dá thairbhe sin.

Dála aon eagraíocht eile, níl SFAÉ díolmhaithe ó athruithe sa tsochaí maidir lena seasamh sóisialta agus an comhshaol eacnamaíochta. Tá a bhfuil in ndán do gheilleagar na hÉireann éiginnte, agus d'fhéadfadh sin cur isteach ar thoilteanas daoine fuil a thabhairt. Sna cúinsí seo, tá dualgas ar SFAÉ breithniú conas ár ngnóthaí a láimhseáil, lena chinntiú go bhfuilimid ag plé leis na saincheisteanna is ábharthaí, go dtuigimid a bhfuil ag tarlú laistigh dár ngnó ar fud an domhain, agus go bhfuilimid á ndéanamhsan ar an mbealach is cumasaí agus is éifeachtúla.

Soláthar Fola

Bhí SFAÉ in ann freastal ar riachtanais na n-ospidéal i 2007. Rinneadh sin d'ainneoin méadú 1.16% ar úsáid deargcheall agus méadú 8.7% ar úsáid pláitíní. Tháinig méadú 60% ar úsáid pláitíní sa 5 bliain seo caite. Chun an t-éileamh amach anseo a mheas, caithfidh SFAÉ athbhreithniú a dhéanamh ar líon na nuachásanna ailse atá á thuar d'Éirinn sa deich mbliain atá romhainn, agus straitéis a cheapadh chun plé leis an éileamh iarmhartach ar phláitíní. Tá sé soiléir nach mbeidh ar chumas chumraíocht reatha na seirbhíse pláitíní freastal ar na riachtanais chóireála a bhfuil othair ag súil leo.

Míle buíochas dár ndeontóirí tiomanta neamh-leithleacha agus dá dteaghlaigh.

Forbairtí – Eolaíocht agus Teicneolaíocht

Tharla roinnt forbairtí suntasacha le linn na bliana a fheabhsóidh an tseirbhís a sholáthraímid d'othair.

Ar na cinn a ba thábhachtaí bhí:

- Clár Haemacrómatóise
- Bailíochtú TAN (NAT) an deontóra aonair ar TIGRIS
- Tionscnamh Orbisac chun pláitíní a tháirgeadh, ag úsáid Tuaslagadh Breiseánach Pláitíní in áit plasma
- BOSS – a tosaíodh ag deireadh na bliana. Soláthróidh seo, go tráthúil, an fhaisnéis bhainistíochta a bhfuil an-ghá léi ó Progesa.

Bhí sé beartaithe go mbeadh eProgesa ar fáil beo le linn 2007, ach ar an drochuair, de bharr roinnt deacrachtaí marthanacha cuireadh deireadh leis an tionscadal i Márta. Is gá mar sin, athscrúdú a

dhéanamh ar leagan reatha Progesa agus go háirithe ar na crua-earraí a bhí á oibriú. Beartaíodh an leagan reatha a chobhsú le crua-earraí nua. Bhí tús curtha leis an tionscadal seo faoi dheireadh na bliana agus dáta críochnaithe sceidealta do Mhárta/Aibreán 2008.

Cáilíocht

Ceann de na sainmharcanna a bhaineann le córas bainistíochta cáilíochta ná, go mbíonn an-chuid páipéir ag gluaiseacht ar fud na heagraíochta. I 2007 thosaíomar ag forfheidhmiú Chóras Bainistíochta Dhoiciméad Pilgrim. Is tionscadal an-suntasach é seo agus glacfaidh sé thart ar thrí bliana é a fhorfheidhmiú go hiomlán. Seoladh an chéad chéim, SmartDoc, i nDeireadh Fómhair 2007, agus is cinnte go n-éascóidh sé go mór tógáil orduithe um athrú, agus forbairt/leasú SOPs, agus go mbeidh tionchar dearfach aige seo ar na foraoiseacha.

Forbairt na hEagraíochta

An dúshlán is mó faoi SFAÉ sa téarma láithreach go meántéarma ná, na cláir mórathraithe a bhfuil tionchar acu ar lár-réimsí ár ngnó a fhorfheidhmiú. Cuimseoidh seo comhairliúchán agus caibidlíocht le ceardchumainn éagsúla. Go bunúsach, beidh gá, freisin, athrú cultúir a thionscnamh le gur féidir ord nua a bhunú a chabhróidh le forfheidhmiú na n-athruithe.

Tá cláir shuntasacha um athrú sa siúl cheana féin i saotharlanna agus i gclinicí fuildeonta. Nuair a bheidh na hathruithe seo curtha i bhfeidhm go rathúil, feabhsóidh siad leibhéal na seirbhíse dár ndeontóirí agus dár n-othair. Rinneadh dul chun cinn áirithe i 2007, ach beidh gá le dul chun cinn mór i 2008 má tá fíorathrú le cur i gcrích.

Píosa tábhachtach oibre a cuireadh i gcrích i 2007 ab ea an comhaontú ar shraith luachanna do SFAÉ. Is iadsan Sármhaitheas Seirbhíse, Meas, Ionracas, Obair Bhuíne, Foghlaim, agus Cuntasacht. Feicfear a bhfíorluachsan le himeacht ama, ach ní chloífear go fírinneach leo mura gcleachtann an fhoireann uile iad le linn oibre. Caithfear iad a neadú in oibríocht na heagraíochta agus ansin iad a thomhas go bhfeicfimid conas atáthar ag cloí leo. Déanfar sin trí shuirbhé i rith na n-ocht mí déag atá romhainn.

Bhí cúrsaí oiliúna á n-eagrú ag SFAÉ le roinnt blianta anuas ach bhí siad dírithe go príomha ar riachtanais theicniúla a shásamh seachas ar fhorbairt phearsanta na foirne. Tá tairiscint eisithe againn le haghaidh mórchláir oiliúna agus forbartha, a chlúdóidh gach roinn den eagraíocht

agus a bheidh saincheaptha chun an chuífhorbairt bhainistíochta is gá a sheachadadh a fhreastlóidh ar na dúshláin shuntasacha atá faoi SFAÉ.

Bainistiú Páirtithe Leasmhara
Caithfimid oibriú go dlúth i gcónaí le cliniceoirí, ospidéil, seirbhísí sláinte agus le gach grúpa eile a bhfuil bunpháirt aige i seachadadh seirbhísí fuilaistriúcháin den chaighdeán is airde ar othair in Éirinn.

Focal Scoir
Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl don fhoireann uile as a dtiomantas agus a ndíograis ó thaobh seirbhísí a thabhairt d'othair agus do dheontóirí. Ní mór dúinn tréaniarracht a dhéanamh a bheith chomh foirfe agus is féidir, agus sa tslí sin meas agus muinín ár ndeontóirí agus ár n-othar a choinneáil i gcónaí.

Andrew Kelly
Príomh-Fheidhmeanach

"Tá na seirbhísí fuilaistriúcháin ag fabhrú i gcónaí – iad á dtiomáint ag riachtanais mhéadaithe na n-othar a éilíonn teirpí níos forbartha le haghaidh ailse, galar chroí agus riochtaí eile."

Tuarascáil an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine

Tá na seirbhísí fuilaistriúcháin ag fabhrú i gcónaí – iad á dtiomáint ag riachtanais mhéadaithe na n-othar a éilíonn teirpí níos forbartha le haghaidh ailse, galar croí agus riochtaí eile, toisc aosú an phobail agus teacht níos forleithne ar chúram cuimsitheach sláinte. Níl aon ionadaigh faighte don fhuilaistriúchán go dtí seo agus ní móide go bhfaighfear go ceann mórán de bhlianta. Mairfidh imní faoi shábháilteacht de réir mar a chlaochlóidh athrú aeráide agus athrú deimeagrafach ar phatrúin na ngalar tógálach ar fud an domhain. Mairfidh imní faoi chúrsaí soláthair, agus leanfaidh gnáthdhaoine neamhghnácha ag cur an tsoláthair seo ar fáil, daoine a bhronnann a gcuid ama mar shárghníomh altrúchais don fhuildeonadh. Tá tús á chur le sainniú threonna an chéad sruth eile forbairtí, de bharr imní faoi éifeachtúlacht agus faoi conas a chinnteofar an mbeidh gníomhaíocht sheasmhach optamach bitheolaíochta ag an bhfuil agus ag comhpháirteanna fola do na hothair a fhaigheann iad.

Luathfhorbairtí

Ag tús na fichiú aoise, nuair nach raibh sé ach ina thús, dhéantaí an fuilaistriúchán mar chineál mionobráide: an deontóir, fear mór de ghnáth, a cheangal go díreach leis an bhfaighteoir le mórfheadán ruibéir agus an fhuil a shreabhadh go díreach ó fhéith amháin go féith eile. Ní dhéantaí go héasca é, agus go minic b'iarracht dheiridh é chun othar a bhí ag fuiliú, nó othar anaemach, a shábháil. Cailliúint fola tar éis breith clainne, an chúis ba choitianta leis seo. Aimridítí agus athúsáidtí gach rud: snáthaidí, feadáin, sceanóga chun féitheacha a oscailt, earraí gloine. Athúsáidtí an deontóir go minic freisin, agus i roinnt cathracha choinnítí mionliostaí de shaorálaithe a bhféadfaí glaoch orthu chuig ospidéal ar ghearrfhógra chun bheith ceangailte le hothar a bhí i mbaol, nó ag fáil báis. Ghlaodh na lianna nó máinlianna ar an eagraí agus chuireadh seisean fios ar an deontóir, agus go minic bhaileodh ina charr agus thugadh é – sna luathphainéil b'fhear a bheadh ann i gcónaí – chuig an ospidéal. Níl sé soiléir conas a d'éiríodh leis an deontóir dul abhaile ar deireadh – ach caithfidh sé go dtugtaí aire maith dóibh, mar d'fheidhmigh an-chuid de na seirbhísí go réasúnta maith ar feadh na mblianta. Is beag measúnacht deontóra a dhéantaí – má bhí tú cothaithe go maith, i do shláinte, saor ó eitinn agus ó shifilis, agus sásta a bheith tarraingthe as do leaba am ar bith den oíche agus snáthaid an-mhór sáite i do sciathán ar feadh leathuair an chloig nó níos mó, ba leor sin. Agus an fuilghrúpa O. Níor ghá bheith ag fuadar faoi thrasmheaitseáil nó tástáil comhoiriúnachta nó fuilghrúpáil, dá mba de ghrúpa O na deontóirí uile.

Le himeacht ama d'fhabhraigh na seirbhísí seo ina mórsheirbhísí fola, mar atá ann inniu, le cabhair, sa chéad áit, teicneolaíochtaí simplí fuarstórála agus salainn chiotráite, chun téachtadh na fola a chosc agus é a stóráil ar feadh laethanta, agus ar deireadh, ar feadh seachtainí. Luathaigh an dara cogadh domhanda forbairt na seirbhísí fuilaistriúcháin agus na heolaíochta ba ghá chun iad a fheidhmiú ar mhórscála. Lean an fabhrú seo tar éis an chogaidh agus is mó idir seirbhís fuilaistriúcháin an lae inniu agus a raibh ann le linn na 1940dí nó 1950dí. Sna 1970dí ba iad déantús, agus soláthar cógaisí a bhí déanta as plasma deontóra,

príomhthiománaithe an athraithe i gcás seirbhísí fuilaistriúcháin – iad ag freastal ach go háirithe ar an ngá a bhí le fachtóirí téachtaithe agus glóbailiní imdhíonachta, go minic de bharr dúil san fhéindóthain náisiúnta, rud a mheas roinnt a bheith ina sprioc ríbhábhachtach. Ghlac galair tógálacha an t-ionad mar mhórinneall an athraithe sna 1980dí agus is amhlaidh atá go dtí an lá inniu, cé go bhfuil an ceannas á ghlacadh ag athruithe rialacháin agus éifeachtúlacht táirge le blianta beaga anuas.

Bagairtí romhainn

I 2007 rinneadh iarracht mhór déileáil leis an mbagairt síorathraitheach maidir le héilliú galar tógálach i bhfuil a bhí ann le haghaidh aistriúcháin. Fiabhras Crimea-Congo sa Tuirc, Dengue i mórán áiteanna ar domhan, Leishmaniasis i ndeisceart na Fraince, tástáil le haghaidh Trypanosomiasis Mheiriceá Theas ag deontóirí fola SAM agus na Spáinne, nochtadh víreas Chikungunya san Eoraip, gar do Ravenna in oirthuaisceart na hIodáile, geograf athraitheach na maláire agus imní faoi víreas heirpis dhaonna 8: ba ghá plé leo seo uile. Ag tús na bliana, freisin, bhí tuairisc ón RA faoin gceathrú tarchur vCJD trí fhuilaistriúchán, rud a chothaigh imní arís faoin ngalar seo agus faoin ngá le straitéisí éifeachtacha chun cosc a chur lena scaipeadh feasta trí fhuilaistriúcháin. Níos luaithe, i 2005 agus 2006, reáchtálamar triail i gcomhar le hOspidéal Choláiste Ollscoil na Gaillimhe, le scagaire a saincheapadh chun prióin ionfhabhtaíocha, gníomhaire vCJD, a bhaint as fuilaistriúcháin. Stopadh an triail nuair a léirigh faisnéis bhreise nach raibh an scagaire chomh héifeachtach agus a bhí beartaithe, ach i 2007 bhíomar in ann obair a thosú ar scagaire prión nua i gcomhar le hOspidéal Ollscoil Chorcaí. Is í SFAÉ an t-aon seirbhís fola ar domhan a bhfuil dul chun cinn déanta aici go leibhéal triallacha allamuigh do scagairí prión.

Haemachrómatóis

Tar éis an-chuid pleanála, i Meitheamh 2007 bhí SFAÉ in ann fáilte a chur roimh dhaoine le haemachrómatóis mar dheontóirí fola ag an ionad fola i Stigh Lorgan, Baile Átha Cliath. Is gnáthriocht géiniteach in Éirinn í an haemachrómatóis – í níos coitianta anseo ná in áit ar bith eile ar domhan. Is féidir le daoine nach bhfuil an ghéin acu, éirí as ionsú an iarainn ina réim bia nuair a mhothaíonn an corp go bhfuil sáith aige go fóill. Ní an cumas sin ag daoine a bhfuil an géin acu. Leanann siad ag carnadh iarainn i bhfiacháin a gcorp, fiú nuair atá sáith acu; má théann an carnadh seo ró-fhada déanann an t-iarann damáiste do na fiacháin agus ina dhiaidh sin cothaíonn sé damáiste don ae, galar croí, diaibéiteas agus tuilleadh. Fuair na Gaeil an ghéin seo ó na Lochlannaigh sa chéad áit, agus b'fhéidir go mba bhuntáiste é le linn na meánaoise agus ina diaidh nuair a bhí easpa iarainn sa réim bia. San am sin, dá bhféadfadh daoine greim níos fearr a choinneáil ar iarann sa réim bia, d'fhéadfadh buntáiste a bheith acu ar dhaoine eile. Déantar cóireáil ar haemachrómatóis, nuair a aithnítear í, trí chuisleoireacht. Is é ceann den dá riocht ina n-oibríonn an "cóir leighis" seo, a bhí uilechoiteann, beagnach, tráth.

Is féidir do dhaoine le haemachrómatóis a bheith ina sárdheontóirí fola, ach na dianriachtanais atá ar gach deontóir a shásamh. Tugann fuildeonú an-sásamh

do go leor daoine: fúthu féin, faoina sláinte, faoina dtiomantas don phobal; bíonn feidhm aige sin i gcás daoine le haemachrómatóis, freisin, ach le tuilleadh beag breise. D'oibrigh an chlinic go maith do dheontoirí le haemachrómatóis i rith na bliana agus leanfar de ar bhonn buan. Leathnóidh SFAÉ é sna bliana atá romhainn; is é sin, féadfaidh gach duine a diagnóisítear leis an riocht a bheith ina ndeontóirí fola más mian leo, ar acht go bhfuil siad cáilithe ar na bealaí eile. Toisc nach ionann agus deonacháin chaighdeánacha na meicníochtaí a ghabhann lena ndeonacháin siúd (mar shampla, bíonn orainn taifid chóireála a choinneáil don ospidéal nó don dochtúir atreoraithe, lena chinntiú go leanfar go cuimsitheach de na deontóirí thar na blianta), coinneoimid na clinicí seo ar leith go fóill.

Cuireann seo le costas na seirbhíse ach seach-chuirtear é sin, agus tuilleadh, sa mhéid go saortar am cóireála na n-othar seachtrach in ospidéil atreoraithe, go mbíonn a bhfleibeatóime acu i dtimpeallacht taitneamhach as ospidéil, agus go mbaintear úsáid fior-riachtanach chliniciúil as an bhfuildeonadh. Faoin am a mbeidh an clár seo leathnaithe ar fud na tíre sna blianta atá romhainn, measaimid go mbeidh thart ar 6,000 duine le haemachrómatóis ina ndeontóirí rialta ag SFAÉ, agus iad ag soláthar 20% den riachtanas náisiúnta fola le haghaidh fuilaistrithe sna hospidéil.

An Dr William Murphy
An Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine
MD, FRCPEdin, FRCPath

"Tá 3,000 deonachán sa tseachtain de dhíth ar SFAÉ, gach seachtain, chun soláthar a choinneáil le hospidéil na hÉireann."

Optamú úsáid bhronntanas lómhar an deontóra

Tá 3,000 deonachán sa tseachtain de dhíth ar SFAÉ, gach seachtain, chun soláthar a choinneáil le hospidéil na hÉireann. Leagtar dualgas ar Sheirbhísí Deontóra na clinicí a eagrú agus a chinntiú go bhfreastlaíonn leorlíon daoine ar na clinicí sin chun an sprioc a aimsiú.

Baile ar Ghlaoch

Ba thionscadal é an Baile ar Ghlaoch a saincheapadh chun freastal a mhéadú ar chlinicí soghluaiste a roghnaíodh ar fud na tíre. Ghlac Béal an Átha, Carraig Uí Leighin, Dún Dealgan, An Caisleán Nua, Loch Garman agus Mullach Íde leis an dúshlán go méadófaí an freastal ar chlinicí de 20%. Chiallaigh an dúshlán go gcaithfí coiste áitiúil a chruthú chun an scéim a mholadh agus an chlinic a chur chun cinn. Úsáideadh póstaeir, bróisiúir, dáileáin dorais agus fógraíocht áitiúil chun poiblíocht a thabhairt do na clinicí speisialta. Tháinig Baile ar Ghlaoch i dtír ar an spiorad pobail a léiríodh ar ócáidí eile ar nós na nOilimpeacha Speisialta agus chomórtas na mBailte Slachtmhara. A bhuí le crua-obair agus tiomantas choistí na mBailte ar Ghlaoch agus fhoirne na gclinicí, bhí an-rath ar an bhfeachtas, le meánmhéadú tinrimh de 32%.

An Fhuilmhóibíl

Ba i 2007 a seoladh an Fhuilmhóibíl, an chlinic shoghluaiste is nua agus is nuálaí a bhí ag SFAÉ go fóill. Is trucaill sainfheistithe é an Fhuilmhóibíl a éascaíonn deonú fola ar bord. Tugann sé cuairt ar ionaid oibre i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ligeann do dhaoine deonú le linn uaireanta oibre. Seoladh an Fhuilmhóibíl i Meán Fómhair 2007 le linn Seachtain na Fola Saoil agus d'éirigh thar barr léi, trína cuairt ar 80 cuideachta cheana féin. Ní hamháin go soláthraíonn an Fhuilmhóibíl ionad oiriúnach deonacháin do dhaoine, ach cuidíonn sé le cuideachtaí, freisin, a ndualgas corparáideach a chomhlíonadh.

Dámhachtainí Deontóra

Gach bliain eagraíonn SFAÉ roinnt searmanas dámhachtaine ar fud na tíre chun aitheantas a thabhairt do bhronntanas lómhar na ndeontóirí a thugann fuil. Ag na searmanais seo bronntar braon órga ar dheontóirí 50 uaire nó peileacán poircealáin ar dheontóirí 100 uaire.

Tugtar cuireadh go minic d'fhaighteoirí fola agus táirgí fola labhairt, agus cur síos a dhéanamh ar a gciallaíonn bronntanas an deontóra dóibh féin agus dá dteaghlaigh.

Reáchtáladh searmanais dámhachtaine i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, san Oirdheisceart, san Oirthuaisceart agus sa Mheániarthar. Bronnadh braon órga ar 661 deontóir in iomlán as caoga deonachán a thabhairt, agus peileacán poircealáin ar 86 deontóir as 100 deonachán.

Taighde

Le linn na bliana rinne an fhoireann margaíochta taighde maidir leis an dearcadh a bhí ag deontóirí faoin bpróiseas deonacháin. Léirigh na torthaí ardráta sásaimh, agus mheas 71% de na deontóirí go raibh gairmiúlacht agus cairdiúlacht na foirne sármhaith. Dúirt 79% de na deontóirí go raibh "fuildeonú an-tábhachtach dom". Agus mhothaigh 66% de na deontóirí go raibh meas orthu as a gcion tairbhe ríthábhachtach.

Tugann an taighde léargas luachmhar dúinn ar ár gcaidreamh le deontóirí, agus sainaithne ar na réimsí inar gá dúinn feabhas a chur ar chaidreamh le deontóirí agus ar ár bhfónamh dóibh.

Clár Scoile

Mar chuid dár mbuaniarrachtaí chun feasacht faoi fhuildeonú a ardú i measc daoine óga, tá clár scoile curtha i bhfeidhm ag an bhfoireann margaíochta. Tarraingíonn seo cuairt a thabhairt ar ranganna sinsearacha sna meánscoileanna, agus léiriú agus DVD a chur ina láthair maidir le fuil a thabhairt. I 2007 thugamar cuairt ar 47 scoil agus labhraíomar le breis agus 2,800 scoláire ó gach cearn den tír. Is modh éifeachtach é an clár scoile chun daoine óga a theagasc agus eolas a thabhairt dóibh faoin tábhacht a bhaineann le fuil a thabhairt.

Comhpháirtithe Corparáide

Tá SFAÉ bródúil as Vodafone Ireland a bheith mar phríomh-chomhpháirtí corparáide againn. I 2007 chuir Vodafone milliún téacs shaora ar fáil do SFAÉ chun cumarsáid a dhéanamh lenár ndeontóirí. Tugann na téacs-teachtaireachtaí a sholáthraíonn Vodafone spreagadh do dheontóirí freastal ar chlinicí. Thacaigh Vodafone freisin le láinseáil na Fuilmhóibíle i 2007.

Thug 11890 tacaíocht do SFAÉ freisin trí fhuildeonú a chothú sna mílte téacs-teachtaireachtaí a sheolann siad gach lá. Tá an urraíocht chorparáide a fhaigheann SFAÉ ó Vodafone Ireland agus ó 11890 sárluachmhar, sa mhéid go gcuidíonn siad linn rochtain ar dheontóirí agus neamhdheontóirí, agus cumarsáid a dhéanamh leo.

Dréimire Dílseachta

Is bealach é an dréimire dílseachta chun líon na ndeontóirí agus a líon uaireanta freastail sa bhliain a shainaithint. I 2007 fuarthas 151,896 deonachán ó 94,873 deontóir. Thug thar 55% de dheontóirí deonachán amháin i 2007, agus níor dheonaigh ach 1.6% de dheontóirí an t-uasmhéid de 4 uaire. Ba 1.6 uair, an meánmhéid deonachán in aghaidh an deontóra. Léiríonn sin gur gá deontóirí rialta a dhéanamh de na deontóirí aonuaire, d'fhonn acmhainn ár mbonn deontóra reatha a uasmhéadú.



Thart ar 1.6 uair

DEONACHÁIN CHARNACHA NÁISIÚNTA 2007 Vs 2006



	Ean	Feabh	Mar	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.Fó	D.Fó	Samh	Nol
2007	13835	25302	37978	50126	64612	76216	89403	101740	114153	126509	139337	151896
2006	13647	25199	38575	50637	63983	77022	89342	102963	115051	126355	140828	151728

DEONACHÁIN CHARNACHA 2007 Vs 2006



	NBC	MRTC	Náisiúnta
2007	109553	42343	151896
2006	107758	43970	151728

COMPARÁID NÁISIÚNTA DEONTÓIRÍ NUA 2007 Vs 2006



	Ean	Feabh	Mar	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.Fó	D.Fó	Samh	Nol
2007	1986	1848	1855	1493	1595	1522	1582	1449	1712	1919	2431	1866
2006	2034	1914	2462	1926	1860	1853	1833	1898	1954	1955	2350	1581

DEONTÓIRÍ NUA NÁISIÚNTA 2007 Vs 2006 CARNACH



	Ean	Feabh	Mar	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.Fó	D.Fó	Samh	Nol
2007	1986	3834	5689	7182	8777	10299	11881	13330	15042	16961	19392	21258
2006	2034	3948	6410	8336	10196	12049	13882	15780	17734	19689	22039	23620

Seirbhísí Ospidéil

Soláthraíonn Seirbhísí Ospidéil an nasc riachtanach sa slabhra idir na hospidéil agus SFAÉ. Tá an roinn seo freagrach as dáileamh sábháilte cobhsaí na dtáirgí uile a scaoiltear chun othair a chóireáil.

Fuil agus táirgí fola a eisíodh

Táirge	2007	2006	2005
Deargchealla & Lánfhuil	140,089	138,540	139,314
Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha	22,123	20,355	19,777
Plasma Reoite	639	707	455
Octaplas	22,478	25,425	24,880
Plasma Criólaghdaithe	-	1,143	291
Criódheascán		1,984	1,765
Fachtóir VIIA (xIU)	526,260	519,600	424,080
Frith-Throimbin III (x IU)	2,500	48,376	79,850
Athchuingreact Fhachtóir VIII (x IU)	25,491,000	22,641,750	21,031,000
Fachtóir Von Willebrand (x IU)	1,303,000	478,500	543,000
Athchuingreacht Fhachtóir IX (xIU)	9,198,800	8,570,370	10,970,280
Próthroimpléacs (x IU)	520,200	537,600	459,600
Fachtóir XIII	6,000	7,500	9,750

"Feidhmíonn saotharlanna próiseála agus tástála SFAÉ chun na gcaighdeán is airde, ag glacadh bronntanais na ndeontóirí agus ag tiontú na deonacháin sin ina gcomhpháirteanna agus ina dtáirgí fola atá réidh le haghaidh aistriúcháin."

Feidhmiú i gcomhshaol buanathraitheach

Feidhmíonn saotharlanna próiseála agus tástála SFAÉ chun na gcaighdeán is airde, ag glacadh bronntanais na ndeontóirí agus ag tiontú na deonacháin sin ina gcomhpháirteanna agus ina dtáirgí fola atá réidh le haghaidh aistriúcháin.

Comhpháirteanna

Le linn na bliana tionscnaíodh nuachóras uathoibritheach le tiúcháin pláitíní comhthiomsaithe a tháirgeadh as deonacháin. Lamhálann an córas, ar a dtugtar Orbisac, comhthiomsú uathoibritheach pláitíní as ceithre dheonachán, i gcomhshaol iata. Fuaidrítear na pláitíní i dtuaslagadh breisiúcháin ar a dtugtar PAS (tuaslagadh breisiúcháin pláitíní). Cuidíonn seo le caomhnú na bpláitíní, agus cinntíonn sé a mbailíocht i gcomhshaol laghdaithe plasma.

Saotharlann um Uathghrúpáil Deontóirí

Déanann an tsaotharlann ADG buaniarracht na teicnící tástála is nua-aimsearta a thionscnamh agus an oiread aintigíní deargcheall is féidir a thíopáil mar ghnáthamh. Feabhsaíonn na tástálacha seo ní hamháin sábháilteacht na dtairgí deargcheall, ach méadaíonn siad, freisin, an éifeacht a bhaineann le soláthar deargcheall, i gcás feinitíopaí annamha nó coimpléascacha a fhreagraíonn do shainiarratais na n-ospidéal.

I rith na bliana seo caite, cuireadh aonaid deargcheall ar fáil i roinnt cásanna nuair a bhí minicíocht an chilltíopa shainiúil iontu níos lú ná 1 as 1000. I dtéarmaí iarbhír ciallaíonn seo, dá ndéanfaí gach deonachán a thíopáil, nach mbeadh ach 3 deonachán in aghaidh na seachtaine oiriúnach do chásanna dá shórt. Ar an taobh eile de, le tíopáil roghnaitheach agus dea-bhainistiú stoic, is féidir de ghnáth aonaid a sholáthar as stoc reatha, mar eisiúint éigeandála.

I rith na bliana, tosaíodh ar scagthástáil le haghaidh an S-tréith haemaglóibine (HbS/A) atá bainteach le galar corráinceallach. Tá tástáil i leith an S-tréith haemaglóibine déanta anois ar gach aonad deargcheall atá ann le haghaidh aistriúcháin do nua-naíonna agus d'othair chorráinceallacha. Tá an scagthástáil seo tábhachtach ní hamháin don fhaighteoir, ach ó thaobh cúram deontóra de, freisin, agus lamhálann sé luath-aithint deontóirí nach mbeadh a fhios acu, b'fhéidir, go raibh saintréith chorráinceallach acu. Cuirtear eolas agus comhairle suas chun dáta ar fáil ansin do na deontóirí seo, chun go mbeadh a fhios acu faoi gach gné agus impleacht a bhaineann leis an riocht corráinceallach.

Víreolaíocht

Faigheann na saotharlanna víreolaíochta sampla ó gach deontóir de shéirim téachta, a ghlactar ag am an deonacháin. Sainaithnítear an sampla le barrachód uathúil ag am an deonacháin. Tástáiltear an sampla le haghaidh láithreacht sainmharcóirí víreasacha atá in-tarrchurtha trí fhuilaistriúchán. Úsáidtear trealamh atá comhoiriúnach leis an cGMP (dea-chleachtas déantúsaíochta) is déanaí chun na tástálacha seo a dhéanamh. Nuair a bhíonn gach tástáil críochnaithe agus má fhaightear torthaí sásúla uathu, pasáiltear an t-aonad agus cuirtear lipéad chun eisithe air, ar acht go bhfuil an tástáil diúltach, freisin, ó thaobh Aigéid Núicléasaigh.

Cinntítear cáilíocht an chórais tástála trí chaighdeáin ó 'Institiúid Náisiúnta na gCaighdeán agus Rialuithe Bitheolaíochta' a úsáid mar rialuithe 'gluais/stad' ar gach babhta tástála. Cinntíonn seo go bhfeidhmíonn an fearas ar an gcaighdeán is airde. Glacann an tsaotharlann páirt i gclár monatóireachta a ligeann do SFAÉ na torthaí a chur i gcomparáid le torthaí Lárionad Fola na RA. Glacann an tsaotharlann páirt, freisin, i gclár faireachais a reáchtálann an tSeirbhís Náisiúnta Fola/an Ghníomhaireacht Cosanta Sláinte. Déantar monatóireacht ar rátaí imoibrithe na dtrealamh tástála agus ar thorthaí dearfacha, ag baint úsáid as na beartuimhreacha éagsúla atá ag imoibrithe an Údaráis Náisiúnta Fola. Gintear tuairisc fógartha a thugann mionsonraí faoin bhfeidhmíocht measúnachta agus faoi threochtaí na rátaí imoibrithe.

Bhí an tsaotharlann víreolaíochta páirteach in dhá chlár oilteachta, ceann acu á scaipeadh ag Institiúid Náisiúnta na gCaighdeán Bitheolaíochta agus Rialaithe sa RA agus an dara ceann VQC – Acrometrix i gcomhar le Saotharlann Náisiúnta Tagartha na Séireolaíochta (NRL na hAstráile).

Déantar na tástálacha séireolaíocht seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta, agus tá siad éigeantach i leith gach deonachán:

- Aintigin dhromchlach Heipitíteas B (HBsAg) agus antashubstaint do chroí Heipitíteas B
- Antashubstaint do Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna 1/2
- Aantashubstaint do Víreas Heipitíteas C
- Antashubstaint do Víreas Limfeatrópach T Daonna 1 & 2
- Antashubstaint do Chítimeigilivíreas
- Antashubstaint do Víreas Treponema Pallidum, an gníomhaire cúiseach i gcás Sifilise

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) chun go mbeidh soláthar de dheonacháin dhiúltacha Citimeigilivíris ar fáil do na hothair a bhfuil sé de dhíth orthu, e.g. othair imdhíonacht-amhrasta. Stóráiltear sampla de shírim reoite (sampla cartlainne) as gach deonachán, freisin. Déanann an tsaotharlann scagthástálacha le haghaidh marcóirí víreasacha do na ranna éagsúla i SFAÉ, lena n-áirítear deontóirí smeara, deontóirí gaschille, deontóirí croíchomhla agus samplaí ó chláir thástála chun faighteoirí a rianadh.

An tsaotharlann Diagnóisice/ Crosmheaiteála

Cuireann an tsaotharlann Diagnóisice/ Crosmheaiteála ag an NBC agus ag Aonad chorcaí seirbhísí deargchille imdhíonhaemaiteolaíochta agus seirbhíse réamhbhreithe ar fail d'ospidéil ar fud na tire.

Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn an tsaotharlann diagnóisice:

- Soláthar fola feinitíopáilte
- Soláthar fola trasmheaiteáilte do chásanna deacra agus d'ospidéil gan saotharlanna fuilaistriúcháin
- Imscrúdú fadhbanna antashubstainte
- Imscrúdú ar Fhrithghníomhartha Fuilaistriúcháin Haemalaíocha
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála
- Imscrúdú ar thástálacha díreacha

frithghlóibilin atá dearfach (othair agus deontóirí)
- Imscrúdú ar Ainéime Uath-imdhíonach Haemalaíoch
- Imscrúdú ar Ghalar Haemalaíoch na Naíonán Nuabhreithe (HDN)
- Cosc ar HDN trí ghnáth-Scagthástáil Réamhbhreithe agus sainsoláthar táirgí Deargcheall a eisiúint (lena n-áirítear CMV diúltach, ionradaithe, réamhbhreith-oiriúnach) ar thoircis i mbaol (lena n áirítear cainníochtú Frith-D agus toirtmheascadh antashubstaintí atá suntasach go cliniciúil)
- Soláthair fola oiriúnaí ag seoladh, i gcás toirchis i mbaol
- Comhairle eolaíochta do chomhghleacaithe ospidéil
- Feinitíopáil sínte d'othair atá ag brath ar fhuilaistriú

Chomh maith leis na seirbhísí tagartha thuas, rialaíonn an tsaotharlann diagnóisice, freisin, eisiúint na dtáirgí pláitíní uile (lena n-áirítear CMV diúltach, orduithe ionradaithe, táirgí oiriúnacha réambhreithe) agus sainsoláthar táirgí Deargcheall a eisiúint (lena n-áirítear CMV diúltach, ionradaithe, réamhbhreith-oiriúnach). In iomlán tarchuireadh thar 15,000 sampla le haghaidh seirbhísí diagnóisice/crosmheaiteála chuig na saotharlanna seo i 2007.

D'iomportáil saotharlann diagnóisice NBC 62 aonad ó Chláir Dheontóirí Annamha sa RA, sa tSualann agus i SAM, chun riachtanais fuilaistrithe a chlúdach, nuair nach raibh fuil oiriúnach ar fáil ó dheontóirí Éireannacha.

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíon-ghéineolaíocht (NHIRL)

Soláthraíonn an tsaotharlann náisiúnta tagartha seo raon cuimsitheach seirbhísí tástála clinice a saincheapadh chun tacaíocht a thabhairt do na cláir thrasphlandaithe gaschille allaighéinéiche haemaiteapóití (HSCT) in Ospidéal Nmh. Séamas agus Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn. Tíopálann an tsaotharlann gach othar agus deontóir i leith HLA roimh thrasphlandú chun cuidiú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha amháin, ar nós PCR-SSO agus PCR-SSP chun na géinte a chódaíonn na móilíní HLA a shainiú. Tugann an teicneolaíocht seo ardleibhéil taifigh agus sainiú ailléil HLA níos fearr. Soláthraímid seirbhís thacaíochta imdhíon-ghéineolaíochta do Chlárlann Smior Neamhghaolmhar agus Pláitíní na hÉireann (IUBMR) agus le haghaidh imscrúdú saotharlainne ar thrombaicítipéine alla-imdhíonach.

Rinne an tsaotharlann roinnt staidéar i gcomhar le hospidéil na hÉireann chun ról na ngéinte HLA i so-ghabháltacht galair a léiriú agus soláthraíonn sé gnáthsheirbhís tíopála HLA um ghaolmhaireacht galair. Ina theanntasan, soláthraítear freisin seirbhís imdhíonacht phláitíní chun imscrúdú séireolaíochta a dhéanamh ar thrombaicítipéine alla-imdhíonach réamhbhreithe (NAITP), corcra iaraistriúcháin (PTP), teasfhulangacht pláitíní, trombaicítipéinte alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha díobhálacha aistriúcháin. Déanann an tsaotharlann anailís staitistiúil agus foilsíonn sí sonraí minicíochta faoi dhaonra na hÉireann.

Tá clár fairsing um dhearbhú cáilíochta ag an tsaotharlann, freisin, lena n-áirítear páirtíocht i gcláir thástála feidhmíochta, inmheánach agus seachtrach, do thíopáil HLA, géinitíopáil HPA agus imscrúduithe ar antashubstaintí HLA/HPA. Chreidiúnaigh Cónaidhm Géineolaíocht Imdhíonach na hEorpa (EFI) an NHIRL don chéad uair i 2001. D'imscrúdaigh EFI an tsaotharlann i Samhain 2007 agus d'athnuaigh go rathúil a stádas creidiúnaithe do HSCT (trasphlanduithe gaolta agus neamhghaolta araon), staidéir gaolmhaireacht galair, fuilaistriú, tíopáil DNA agus tástáil antashubstaintí HLA.

Tháinig méadú de 61% ar líon na samplaí a tarchuireadh chuig an NHIRL ó 1999 i leith. Ba é an treocht ba shuntasaí ar fad ná an buaiclíon scrúduithe trasphlanduithe neamhghaolta a rinneadh d'othair Éireannacha i 2007 (33), méadú 250% ar 2006. Ina theanntasan bhí méadú 25% freisin, ar líon na dtíopálacha ardtaifeacha HLA a rinneadh, i gcomparáid le 2006. Bhí méadú 41% ar líon na samplaí a tástáladh le haghaidh staidéir ar ghaolmhaireacht galair. D'fhéadfaí sin a chur síos ach go háirithe do thástáil na n-othar a bhí VEID-dearfach i leith iompar na hailléile B*5701 atá bainteach le frithghníomh hipiríogaireachta in aghaidh teiripe drugaí.

Déanann NHIRL cuardaigh algartaim HLA Matchmaker mar ghnáthamh anois chun pláitíní cuímheaitseáilte HLA-A, B a shainiú d'othair le teasfhulangacht pláitíní alla-imdhíonacha. Tá feinitíopáil HPA curtha i gcrích anois ag an tsaotharlann ar gach painéal pláitínfhiréiseach NBC reatha, agus tá na deontóirí gníomhacha tíopáilte i leith HLA-A, B chun pláitíní meaitseáilte a sholáthar. Sainaithníodh dhá ailléil HLA nua sa tsaotharlann i 2007 - B*1826 agus B*3578.

Saotharlann TAN

Cuireann an tsaotharlann um Thástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN) teicneolaíocht cheannródaíoch ar fáil do na cleachtais fhuilscagtha reatha le linn na gcéimeanna an-luatha ionfhabhtaíochta, trí ardteicneolaíocht tástála Aigéid Núicléasaigh a cheangal le córas uathúil aonfheadáin. Saincheaptar na teicneolaíochtaí scagtha reatha chun croí-antashubstaintí nó aintiginí dromchlacha a aimsiú. Ach, fágann na táscairí ionfhabhtaíochta seo mionriosca iarmhartach i leith tarchur galair. Aimsíonn TAN leibhéil an-ísle RNA Víreasach nach mbeadh inaimsithe, b'fhéidir, trí na measúnachtaí séireolaíochta reatha le linn na gcéimeanna an-luatha ionfhabhtaíochta.

Tástálann saotharlann TAN gach deonachán le cabhair Mheasúnacht Chiron Procleix HIV-1/HCV. Is córas measúnachta cáilíochtúil in vitro do thástáil aigéid núicléasaigh é seo, chun easpa imdhíonachta daonna tíop 1 agus/nó víreas Heipitíteas C RNA a aimsiú i bplasma daonna. Tá an mheasúnacht seo an-íogair agus sainiúil i gcás aigéid víreasacha, agus tá sí in ann ionfhabhtaíocht a aimsiú níos luaithe ná na modhanna scagtha eile, agus an idirthréimhse a laghdú dá réir. Coinnítear sampla cartlainne as gach deonachán.

Tá sé fíorthábhachtach go gcoscfaí traséilliú laistigh den tsaotharlann féin

agus, freisin, idir samplaí próiseáilte, le go mbeidh rath ar thástáil TAN.

Tá saotharlann TAN páirteach, freisin, i gclár QA (EDC.net) de chuid NRL na hAstráile, a bhfuil meas ceannródaí domhanda air. Is Lárionad Comhair den WHO é NRL, agus soláthraíonn a chláir um Dhearbhú Cáilíochta meicníocht a chuireann ar chumas saotharlanna monatóireacht a dhéanamh ó lá go lá ar cháilíocht a gcuid próiseas tástála.

Reáchtálann an tsaotharlann Scéim Oilteachta Inmheánach, lena ndéantar measúnú ráithiúil ar chumas gach oibreora measúnacht HIV-1/HCV Procleix a dhéanamh, agus tá clár monatóireachta don phróiseas staitistiúil i bhfeidhm.

Críochnaíodh an luacháil ar Mheasúnacht Procleix Ultrio Chiron agus ar chóras tástála Tigris i Saotharlann LNF TAN i 2007. Is measúnacht cháilíochtúil den LNF é measúnacht Ultrio, chun HIV-1 RNA, HCV RNA agus HBV DNA a bhrath i bplasma daonna. Is leagan modhnaithe é de mheasúnacht HIV-1/HCV Chiron Procleix atá in úsáid faoi láthair ag SFAÉ. Modhnaíodh an mheasúnacht chun aimpliú agus brath HBV DNA a chuimsiú. Trí bhrath HBV DNA a chuimsiú sa mheasúnacht, tugtar achar sábhála breise don soláthar fola.



"I gcomhshaol atá rialaithe go mór, is dúshlán faoi fhoireann uile SFAÉ é na rialúcháin síor-éilitheacha a fhreagairt, fad atá na caighdeáin dhiana sin á gcomhlíonadh acu."

Ar thóir na sármhaitheasa

Dearbhú Cáilíochta
Tá Sábháilteacht agus Cáilíocht ag croílár ár n-imeachtaí. I gcomhshaol atá rialaithe go mór, is dúshlán faoi fhoireann uile SFAÉ é na rialúcháin síor-éilitheacha a fhreagairt, fad atá na caighdeáin dhiana sin á gcomhlíonadh acu.

Bhí géilliúntas leanúnach do na rialúcháin mar thosaíocht againn in imeachtaí Fhoras Fola SFAÉ le linn 2007. Ag deireadh na bliana, ullmhaíodh agus comhadaíodh an dara tuarascáil bhliantúil, de réir IR 360 de 2005 chuig Bord Leigheasra na hÉireann maidir le himeactaí éagsúla SFAÉ, lena n-áirítear na deonacháin a bailíodh, deonacháin nár úsáideadh, canníocht na dtáirgí a eisíodh agus a aisghairmeadh.

Rinneadh ceadúnú SFAÉ mar Fhoras Fíocháin a chur chun cinn le linn 2007. Rinne BLÉ céad iniúchadh ar SFAÉ mar Fhoras Fíocháin i Meitheamh. Nuair a bhí críoch rathúil curtha le torthaí an iniúchta, eisíodh ceadúnas d'Fhoras Fiocháin. An ceadúnas (# TE 012) a d'eisigh BLÉ le haghaidh imeachtaí fíocháin, clúdaíonn sé fíochán súilí, fíochán cardashoithíoch agus fuil chorda.

Rinne BLÉ 5 iniúchadh ar Fhoras Fola SFAÉ ag an Lárionad Náisiúnta Fola, Ionad Chorcaí, clinic bhuan Shráid D'Olier agus ag roinnt aonad soghluaiste. Go ginearálta, cinneadh go raibh an géilliúntas sásúil, ach amháin i gcás 2 mór-shaincheist a tógadh le linn iniúchadh Ionad Chorcaí, mar ar díríodh aird ar mhóreasnaimh i leith inrianaitheacht táirgí agus pearsanra/ eagrúchán.

Mar chuid den fheachtas chun ICT a imeascadh i ngach réimse gnó, mhol DC tionscnamh um Chóras Bainistíochta Cáilíochta Leictreonach (EQMS), leis an gcéadshíniú leictreonach orduithe um athrú i nDeireadh Fómhair. Leanfaidh doiciméid eile an tionscnamh seo, a athraíonn gach SOP go formáid leictreonach, agus cinnteofar dá réir go mbeidh córas doiciméadaithe níos cairdiúla, inrochtana agus trédhearcaí i bhfeidhm. Tá pleananna todhchaíocha ann le haghaidh breis modúl leictreonach de chuid EQMS chun na córais oiliúna láimhe agus córais CAPA atá ann a athrú go formáid leictreonach.

Le teacht IR 360 de 2005 (Rialúcháin um Cháilíocht agus Sábháilteach Ceall agus Fíocháin Dhaonna), tá córas tuairiscthe haemafhaireachais tionscanta ag SFAÉ mar Fhoras Fola, chun tuairisciú faoi SARS agus SAEs don ONH. Le linn na bliana thuairiscigh SFAÉ faoi 12 SARS don ONH ó Ionad Chorcaí agus thuairiscigh an LNF dó faoi 18 SARS agus 2 SAEs. Meánn an ONH na tuairiscí seo ó thaobh inlíomhna de agus cuireann ar aghaidh iad chuig BLÉ.

Mar chuid de phróiseas an athraithe, feidhmíonn an Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS) córas rialaithe athruithe/ ordathruithe a cheapann próiseas, táirge, trealamh agus athruithe bainteacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht táirgí nó seirbhísí a sholáthraíonn SFAÉ. I rith na bliana tógadh 354 athrú dá shórt ar bhonn náisiúnta. Cuimsíonn na hathruithe seo seoladh athruithe móra/suntasacha ar nós teicneolaíochtaí díghníomhaithe pataigine, EQMS, agus nuachórais málaí fola.

Tá an córas chun neamh-chomhaill a cheapadh an-ghníomhach i SFAÉ,

agus clúdaíonn sé neamhchloí le próisis agus le gnáthaimh dhoiciméadaithe. An príomhchur chuige ná, trí anailís bhunchúise, cuíghníomhaíocht choisctheach cheartaitheach a shainaithint agus a fheidhmiú go héifeachtach d'fhonn atarlú a chosc. Cinntíonn na cruinnithe cáilíochta gach mí in Ionad Chorcaí agus sa LNF, go n-athbhreithnítear agus go dtuairiscítear na neamh-chomhaill mhóra d'fhonn feabhsúcháin córais a fhorfheidhmiú.

Ardaíodh 1137 neamhchomhall sa LNF le linn 2007 agus measadh 10% acu a bheith an-tábhachtach.

D'ardaigh Ionad Chorcaí 612 ásc neahchomhaill, 19% acu rangaithe mar chinn thábhachtacha. Tomhaistear réiteach na neamhchomhall i SFAÉ leis an QMS agus déantar monatóireacht mhíosúil air.

Oibrítear córas aisghairm táirgí SFAÉ, go príomha, tar éis faisnéis iardheonacháin a fháil ó dheontóirí, agus chun a chinntiú go n-aisghairmtear go tapa aon táirge a thaispeántar a bheith dearfach ar an scagthástáil bhaictéarach.

Thionscain an LNF 270 aisghairm táirge, 74% acu de bharr faisnéis iardheonacháin a fháil nó scagthástáil bhaictéarach i rith na bliana a raibh amhras ann é a bheith dearfach. Mar an gcéanna le hIonad Chorcaí, aisghairmeadh 97 táirge, 78% de bharr faisnéise iardheonacháin a fháil nó scagthástáil bhaictéarach a raibh amhras ann é a bheith dearfach.

Tá córas foirmeálta doiciméadaithe gearán san QMS a ghabhann chuige gearáin chustaiméara faoi tháirgí agus seirbhís.

Le linn na bliana fuair an LNF 966 gearán faoi tháirgí lena n-áirítear 270 táirge a aisghairmeadh, 70% acu comhdhéanta de tháirgí DAT-dearfach a aischuireadh, faisnéis iardheonacháin agus scagthástáil bhaictéarach a raibh amhras ann é a bheith dearfach. In Ionad Chorcaí, bhí 177 gearán faoi tháirgí agus seirbhís, 67% acu comhdhéanta de fhrithghníomhartha aistriúcháin, táirgí lochtacha agus gearáin deontóra.

Ardaíodh ochtó plean bailíochta a chlúdaigh tionscnamh mórathruithe ar nós Teicneolaíocht Orbisac agus 150 plean faoi rialú an athraithe, a bhain le rialú athruithe leanúnacha ar threalamh, bogábhar, crua-earraí agus próisis. Trína clár oiliúna agus forbartha, dearbhaíonn SFAÉ cúrsaíocht an eolais, na scile agus chomhall GMP.

Cuireadh oiliúint leathan ar fáil d'ardúsáideoirí agus do bhunúsáideoirí an chóras EQMS, chun go mbeadh ar a gcumas athrú chuig an gcóras leictreonach. Chríochnaigh roinnt daoine breise i QA an oiliúint le haghaidh Iniúchóra Inmheánaigh (QS).

Chlúdaigh an clár iniúchóireachta inmheánaí 41 iniúchadh ar leith in iomlán. Chlúdaigh na himeachtaí clinicí soghluaiste, táirgeadh agus tástáil. Reáchtáil an Roinn Cáilíochtaí 9 iniúchadh sheachtracha in iomlán ar dhíoltóirí le linn na bliana, a chlúdaigh soláthróirí fíocháin, málaí fola agus tomhaltáin chriticiúla.

Tacú le dea-chleachtas i gcúram othar

Tá SFAÉ mar bhunáit ag roinnt seirbhísí eile a oibríonn go díreach le hospidéil agus a bhfuil mórthionchar acu ar chúram othar, i dtéarmaí oideachais agus dea-chleachtais. Is iad sin, an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais, Clárlann Smior Neamhghaolta na hÉireann agus an tSeirbhís Aifiríse Theiripí.

An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

Le linn a seacht mbliana oibre (2000-2006) tuairiscíodh 1,348 frithghníomh/teagmhas throma díobhálacha in iomlán don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH).

Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEs) agus Comhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe

Bailíonn an ONH SAEs a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht fola, rud atá éigeantach faoi Threoir Fola an AE 2002/98/CE, agus SAEs neamhéigeantacha, ar a dtugtar Comhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe (IBCT), a bhaineann le hearráidí sna réimsí cliniciúla agus atá le tuairisciú faoi fhreagracht ghairmiúil. Tuairiscíodh 187 IBCT/SAEs in iomlán i 2006, rud ab ionann agus 61% de na teagmhais uile (187 de 304). Ba theagmhais éigeantacha SAE tríocha a dó acu seo (17%).

Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARs)

I 2006, ghlac an ONH le 117 SAR. Bhí a mbunús sna catagóirí, Frithghníomhartha Ailléirgeacha Anaifiolachtacha Géara Fuilaistrithe agus Frithghníomhartha Neamh-haemalaíocha Fiabhrasacha Fuilaistrithe.

Tuairiscíodh agus imscrúdaíodh ocht gcás d'Ionfhabhtaíocht Fhuilaistriú-tharchurtha Amhrasta (STTI). Measadh ionfhabhtaíocht fhuilaistriú-tharchurtha a bheith mí-dhóchúil nó as an áireamh i seacht gcás, ach féidearthach i gcás amháin d'éilliú baictéarach a bhain le pláitíní.

Seimineár Haemafhaireachais Eorpach – Baile Átha Cliath

Reáchtáladh an 9ú Seimineár Haemafhaireacais Eorpach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 27ú agus 28ú Feabhra, agus é á óstáil ag ONH agus SFAÉ.

Ba é an chéad Sheimineár a reáchtáladh tar éis lánfheidhmiú Treoracha 2002/98/CE agus 2005/67/CE. Léirigh príomhthéamaí an tseimineáir an dóigh a raibh riachtanais Threoracha an AE á bhforfheidhmiú i dtíortha éagsúla na hEorpa agus an Haemafhaireachas á fhorfheidhmiú go hidirnáisiúnta. Ina theanntasan, dhírigh sé ar thionscnaimh oideachais agus ar chuí-úsáid fola, go háirithe i bhfianaise na rioscaí a chruthaíonn bagairtí nua-nochtaithe ar nós Galair Creutfeld Jakob athraitheach (vCJD). Bhí an seimineár oscailte do chách a bhfuil spéis acu in haemafhaireachas agus sábháilteacht fuilaistriúcháin. Bhí an-rath ar an gcomhdháil, le thar 240 toscaire i láthair as 29 tír agus iad ag éisteacht le cainteoirí ó Éirinn, an RA, an Eoraip, an tSeapáin agus SAM.

Athbhreithniú ar Haemafhaireachas in Éirinn

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar haemafhaireachas in Éirinn le linn a chuairt trí lá i 2006, chuir an Dr. Paul Strengers, iar-uachtarán Ghréasán Haemafhaireachais na hEorpa (EHN), a

thuarascáil faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí (RSL) in Eanáir 2007. Chinn sé go raibh an córas haemafhaireachais in Éirinn forbartha go maith i gcomparáid le Ballstáit eile an AE.

An Lámhleabhar Haemafhaireachais
Thiomsaigh an ONH An Lámhleabhar Haemafhaireachais; na Riachtanais maidir le frithghníomhartha agus ócáidí Troma Díobhálacha a thuairisciú don Oifig Naisiúnta Haemafhaireacais, chun cuidiú le foirne haemafhaireachais ospidéal-bhunaithe frithghníomhartha agus ócáidí díobhálacha a thuairisciú don ONH, agus cuidiú de réir riachtanais tuairiscthe éigeantacha na dTreorachta 2002/98/CE agus 2005/61/CE. Tá an lámhleabhar ar fáil i bhformáid dréachta ar shuíomh gréasáin SFAÉ, mar a bheidh sé go dtí go n-aontófar na sainmhínithe ag leibhéal an AE. Cuireadh an dréacht-lámhleabhar i láthair ag ceardlann i gColáiste Náisiúnta na hÉireann, mar chuid de shraith cruinnithe eolais a bhain le Treoir Fola an AE.

r-Fhoghlaim
Forbraíodh clár r-fhoghlama ag an nGrúpa um Úsáid Éifeachtach Fola de Sheirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban, agus é saincheaptha chun cuidiú le cleachtóirí atá bainteach le próiseas an fhuilaistriúcháin ardchaighdeáin cúraim a sholáthar don othar. Cheannaigh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann na cearta chun an clár r-fhoghlama seo a úsáid in Éirinn. D'eagraigh an ONH trí lá oiliúna agus thosaigh an tionscadal píolótach i Meán Fómhair. Ar bhonn thorthaí na scéime píolótaí seo, forbrófar treoirlínte chun cuidiú le rolladh amach an córas r-fhoghlama d'ospidéil na hÉireann.

Modúil DCU
Leanadh den tionscnamh oideachais le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) d'oibrithe cúraim shláinte a bhfuil spéis acu i gcleachtas haemafhaireachais, agus bhí an dá mhodúil forbartha gairmiúil "Understanding and Management of Blood Transfusion in a Haemovigilance Context" agus "Haemmovigilance Blood Transfusion Nursing" lán-suibscríofa.

Foilseacháin
I 2007, d'fhoilsigh Vox Sanguinis alt bunaithe ar thorthaí Thionscadal na Neasteagmhas 2003-2005 dárb ainm "Seven Hundred and Fifty Nine (759) Chances to learn: a 3-year pilot to analyse transfusion-related near-miss events in the Republic of Ireland" tag: 2007 92 233-241. Rinne an t-alt seo sonraí a bailíodh faoi thionscadal taighde trí bliana maidir le Neasteagmhais i roinnt ospidéal Éireannach a thiomsú agus a anailísiú, agus urraíodh é le deontas ó SFAÉ

Banc Fíocháin

Cuimsíonn Banc Fíocháin an LNF Banc Súl, Banc Croí-Chomhlaí Hómanódaithe agus Banc Fola Corda Dírithe/Siblín. Déantar an phróiseáil ar fad in áis ghlanseomra GMP atá saintógtha sa Lárionad Náisiúnta Fola.

De bharr imní i leith vCJD, d'éirigh Banc Súl na hÉireann as cóirní a ghlacadh ó dheontóirí Éireannacha, le héifeacht ón 21ú Eanáir 2004. Tá an staid faoi bhuan-athbhreithniú agus d'fhéadfaí é a athrú nuair is féidir cinneadh a dhéanamh faoin mbaol i leith vCJD in Éirinn, go háirithe maidir le fíochán súile. Chun trasplandú coirní a éascú

in Éirinn, iomportáiltear na coirní uile anois ó Bhanc Súl na Rocky Mountain Lions (RMLEB) atá lonnaithe i Denver, Colorado. Soláthraíonn an RMLEB, freisin, scealla scléaracha le haghaidh atógáil na gcaipíní súl, sciolladh agus ionchlannú comhlaí mar chóireáil ar ghlácóma. Iomportálann an banc súl, freisin, agus eisíonn sé paistí peireacairdiam agus fíochán ainmníne, a úsáidtear i máinliacht shúilí, do mháinlianna optalmacha. Is é Mr. W. J. Power M.Ch, MRCPI. F.R.C.S. (Glasg) F.R.C. Ophth stiúrthóir optalmach an Bhainc Súl agus is é an Dr. William G. Murphy, MD, FRCPEdin, FRCPath an stiúrthóir míochaine.

Próiseálann agus crióchaomhnaíonn an Banc Croí-Chomhlaí fiochán cardashoithíoch thar ceann an MMUH. Is é Mr. A. E. Wood Stiúrthóir Cardatóracsach an bhainc.

Aifiréis Theiripeach

Soláthraíonn SFAÉ seirbhís aifiréise teiripí éileamh-bhunaithe ar an suíomh ag mór-ospidéil Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Bíonn haemaiteolaí comhairleach ó SFAÉ i gceannas na bhfoirne faoi seach, agus bainistíonn agus riarann altraí atá sainaithe san aifirís theiripeach na cóireálacha. Déantar na gnáthaimh le colbha leaba an othair, le cabhair trealaimh shoghluaiste aifiríse.

Is iad na gnáthaimh a dhéantar:

- Malartú Plasma
- Malartú Deargcheall
- Leocalaghdú
- Ídiú Deargcheall
- Ídiú Pláitíní

Cásualach

Léiríonn an tábla a leanas an líon iomlán gnáthamh a rinneadh i 2007, a bhformhór do mhalartú plasma (96%).

Cineál Gnáthamh	Gnáthaimh 2007	Gnáthaimh 2006
Malartú Plasma	416	578
Ídiú Pláitíní	4	1
Malartú Deargcheall	4	2
Leocalaghdú	3	2
Ídiú Deargcheall	0	0
Iomlán	**427**	**583**

Gnáthaimh de réir Ospidéil

Faightear iarratais ar chóireáil ó Chomhairleoirí/Cláraitheoirí ospidéil.

Measúnaíonn Cláraitheoir SFAÉ gach cás.

Ospidéal	Líon	Céatadán
Tamhlacht	119	28%
Mater	71	16.50%
SVUH	51	12%
CUH	154	36%
Na Trócaire	25	6%
Eile	7	1.50%
Iomlán	**427**	**100%**

GNÁTHAIMH DE RÉIR OSPIDÉIL



Rangú Gnáthamh

Tá ceithre rangúchán gnáthaimh ann; Éigeandáil, Práinneach, Roghnach nó Cothabháil. Léiríonn Figiúr 1 an líon cásanna a cóireáladh faoi gach catagóir.



Anailís Gníomhaíochta

I 2007, de na cásanna éigeandála/práinne ar fad a láimhseáladh, bhí 44% (I = 187) acu ag deirí seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

Clárlann Smior Neamhghaolta na hÉireann

Bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolta na hÉireann (IUBMR) i 1989 chun painéal deontóirí saorálacha a sholáthar do na hothair Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhfuil athphlandáil gaschille de dhíth orthu mar theiripe leighis do roinnt riochtaí urchóideacha haemaiteolaíocha ar nós leoicéime, agus roinnt mí-orduithe meitibileacha a tháinig le hoidhreacht. Gheobhaidh formhór na n-othar Éireannach nach bhfuil deontóir siblíne acu deontóirí cuímheaitseáilte ar phainéil deontóirí gaschille/smeara na hÉireann nó ar an bpainéal idirnáisiúnta.

Go dtí seo, d'éascaigh IUBMR 217 trasphlandú. As an 217 trasphlandú, rinneadh 186 acu ar othair Éireannacha agus 31 ar othair idirnáisiúnta. I rith na bliana d'éascaigh an chlárlann 35 trasphlandú ar othair Éireannacha (33) agus othair idirnáisiúnta (2).

Imeachtaí Clárlainne

I Márta bhain an chlárlann creidiúnú amach ó Chumann Deontóirí Smeara an Domhain (WMDA). Leagann WMDA síos na treoirlínte idirnáisiúnta agus na caighdeáin oibríochta le haghaidh clárlanna smeara maidir le bailiú agus aistriú gascheall fuilghinte. Ní raibh i IUBMR ach an 8ú Clárlann a bhain creidiúnú amach as 60 clárlann gaschille ar fud an domhain.

Toisc go bhfuil rath leanúnach ar thrasphlandú gaschille, rud a éiríonn as modhanna an-íogaire DNA i leith tíopáil fíocháin agus na hathruithe ar theiripe chomhoiriúnaithe, braitear go bhfuil tuilleadh othar aosach oiriúnach do thrasphlandú. Dá thoradh seo, tháinig méadú suntasach ar líon na samplaí othair agus deontóra a phróiseáil an tSaotharlann Náisiúnta Histea-chomhoiriúnachta agus Imdhíon-ghéineolaíochta, agus méadú 250% (ó 13 i 2006 go 33 i 2007) ar

TRASPHLANDUITHE IUBMR A D'ÉASCAIGH OTHAIR ÉIREANNACHA AGUS IDIRNÁISIÚNTA 1992-2007



	1992	1993	1994	1995	1996	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
NÁIS	0	1	7	3	3	3	0	1	2	0	2	2	1	3	1	2
IDIRN	1	1	5	6	13	8	15	10	11	9	15	12	17	15	13	33

thrasphlanduithe d'othair Éireannacha a d'éascaigh an IUBMR. Tháinig tríocha deontóir as clárlanna idirnáisiúnta; fuarthas 5 deontóir Éireannach i rith na bliana, 3 acu d'othair Éireannacha agus 2 d'othair idirnáisiúnta.

Banc Corda Dhírithe

Reáchtálann SFAÉ mionbhanc corda ghaolta a éascaíonn bailiú crióchaomhnú deonachán corda do shiblín naíonáin nuabhreithe atá i riocht a bhféadfadh trasphlandú gaschille leigheas a sholáthar dó/di. Is gá go mbeadh sé i gceist an fhuil chorda a chur ar fáil do shiblín ainmnithe naíonáin nuabhreithe atá i riocht a bhféadfadh trasphlandú smeara cóir leighis a chur air/uirthi.

Is gá go mbeadh bailiú an aonaid fuil corda á lorg ag lia trasphlandaithe smeara. Tháinig méadú bliantúil ar an líon bailiúchán ó 2004 i leith, agus le linn 2007 bailíodh agus próiseáladh 17 aonad corda. Rinne BMÉ iniúchadh ar an mbanc corda mar chuid den scrúdú ar Cheadúnas Fíocháin SFAÉ i Meitheamh.

HPC-C A BAILÍODH 1997-2007



Forfheidhmiú an athraithe agus seachadadh éifeachtachtaí

Lean feidhmeannas na nAcmhainní Daonna ag díriú ar athailíniú socruithe oibre inmheánacha SFAÉ le riachtanais ár ndeontóirí agus ár n-othar i gcaitheamh na bliana uile.

Beidh athailíniú na seirbhísí bunaithe air seo a leanas:

- Straitéis ghnó SFAÉ 2005-09
- Taighde mhargaidh ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta
- Suirbhéanna a rinneadh lenár ndeontóirí.

Is iad na príomhthionscadail faoin bpróiseas athailínithe seo, Athbhreithniú Saotharlainne, Athbhreithniú ar an bPróiseas Deonacháin, Athbhreithniú Iompair agus athbhreithniu ar sheirbhísí i Sráid D'Olier.

Tá na trí thionscadal seo dírithe ar fhorbairt agus feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse dár n-othair agus deontóirí. Is mian linn a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí seo ar fáil ar bhealach cumasach éifeachtúil, fad a chaomhnaímid an gaol speisialta atá againn le deontóirí, atá rí-thábhachtach don tseirbhís a sholathraímid.

Fócas eile atá ag an athailíniú seo ná eagraíocht a fhorbairt a chothaíonn cultúr síorathraitheach ina bhfuil cur chuige onnghníomhach tráthúil ó thaobh seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh ag croílár ár n-éitis.

Ag croílár an phróisis seo tá an nasc idir ár mbunchuspóir agus straitéis, is é sin ár dtiomantas don sármhaitheas agus sinn ag freastal ar riachtanais othar, trí ghairmiúlacht na foirne agus flathúlacht na ndeontóirí atá againn, agus trí sheirbhís shábháilte, chumasach éifeachtúil a sholáthar.

Leanamar ar aghaidh lenár gclár leathan cumarsáide don fhoireann, é á sheachadadh againn trí fhóram comhpháirtíochta, faisnéisithe buíne, nuachtlitreacha agus, ar deireadh, trínár bpróiseas caidrimh thionsclaíoch. Rinneadh obair thábhachtach ar róil agus dualgais laistigh dár mbuíonta clinice, agus é d'aidhm againn buíonta trasfheidhmeacha ildisciplíneacha a fhorbairt.

Tá an dul chun cinn ar sheachadadh na n-athruithe seo malltriallach, áfach. Rud a chuir go mór leis sin ná ár dtuilleamaí trom le caidreamh gníomhach agus caibidlíocht atá casta agus fada. Táimid ar thóir comhaontaithe comhchoiteann chun díriú ar an saincheist seo. San idirlinn, leanfaimid linn go gníomhach ar thóir na n-athruithe atá uainn tríd an meicníocht caidrimh phoiblí atá ann faoi láthair.

Mar chuid dár straitéis, tá Plean Foghlama agus Forbartha ceaptha againn a chuimsíonn an eagraíocht uile. Tá sé i gceist go dtacóidh an straitéis seo le hathailíniú seirbhísí agus go bhforbróidh sí cultúr bainistíochta dea-chleachtais. Cuirfear próiseas tairisceana i gcrích go luath i 2008.

Forbairt córas bainistíochta faisnéise d'acmhainní daonna a bhí mar thosaíocht againn i 2007, le rolladh amach an mhodúl ama agus freastail. Tá sé i gceist an córas seo a thionscnamh sa LNF i mBaile Átha Cliath. Uathoibreoidh seo na taifid freastail, agus le himeacht ama cuirfear tuairisceáin párolla uathoibrithe ar fáil dá thoradh.

Ba chlochmhíle suntasach é seoladh ár luachanna corparáide i bhfómhar 2007. Is iad na sé luach sin, Sármhaitheas Seirbhíse, Obair bhuíne, Meas, Ionracas, Foghlaim agus Cuntasacht. Cuireann na luachanna seo bunchloch tábhachtach ar fáil ar a bhfuil ár ngairmiúlacht tógtha, agus tabharfaidh siad treoir chúntach faoin ngairmiúlacht a éilíonn ár mbeartaíocht uile, agus léirfhoinse treorach dár bpróiseas cinnteoireachta. Déanfar tuilleadh oibre ar neadú na luachanna seo i 2008.

Airgeadas

Airgeadas	2007	2006
	€'000	€'000
Ioncam		
Ioncam athfhillteach	110,634	101,790
Ioncam neamh-athfhillteach	557	390
Ioncam Iomlán	111,191	102,180
Caiteachas		
Caiteachas Iomlán	107,190	99,955
Barrachas don bhliain	4,001	2,225
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar scéim phinsin	(144)	314
Aistriú ó/(go) Cúlchiste Taighde	216	(752)
Cúlchiste carntha ag 1ú Eanáir	3,953	2,166
Cúlchiste carntha ag 31ú Nollaig	8,026	3,953

Ioncam
Miondealaítear ioncam iomlán an Bhoird do 2007, €111.1 milliún (2006 €102.1 milliún), ina ioncam athfhillteacht agus neamh-athfhillteach.

Tá an t-ioncam athfhillteach comhdhéanta d'airgead ó tháirgí agus seirbhísí a sholáthraítear d'ospidéil de €110.6 milliún (2006 €101.8 milliún). Níor ardaigh an Bord a phraghsanna i 2006 ó leibhéil 2005 agus dá réir sin, is de bharr breis gníomhaíochta atá na méaduithe uile ann. Ní bhfuarthas aon mhaoiniú díreach i 2006 ón Roinn Sláinte agus Leanaí maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh ar an gclár Heipitíteas C.

Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach i 2006 ús a gnóthaíodh ar thaiscí agus ar fháltais bhainc de bharr díolachán sócmhainní seasta.

Caiteachas
Bhí caiteachas de €107.1 milliún ann i 2007, méadú de €7.2 milliún ar 2006. Bhain caiteachas méadaithe sa bhliain go príomha le forfheidhmiú na gcomhaontuithe náisiúnta pá laistigh den eagraíocht, agus costais bhreise dímheasa de bharr na hinfheistíochta breise i sócmhainní le blianta beaga anuas.

Tugadh isteach caighdeán tuairiscthe airgeadais a 17, 'Tairbhí Scoir' (FRS 17) i

Samhain 2000. Ach ba é rogha Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a dualgais phinsin a thuairisciú fós faoi SSAP 24, Cuntasaíocht do Chostais Phinsin, agus tionchar FRS 17 a nochtadh sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Forfheidhmíodh FRS 17 go hiomlán don bhliain airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2005, agus tugann an Bord cuntas anois ar phinsin de réir FRS 17.

Le linn 2006, chinn an Bord ar chúlchistí taighde a bhunú agus aistríodh €752,000 chuig an gciste seo. Caitheadh €216,000 den chiste seo don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2007. Tá cúlchiste caipitil, freisin, ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Aistríodh €5 milliún chuig an gciste seo sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005.

Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €2.8m i dtionscadail agus i dtrealamh caipitiúil le linn 2007. Chuimsigh na príomh-infheistíochtaí le linn na bliana ceannach ár gcéad Fhuilmhóibíl, síneadh lenár maoin i mBaile Átha Fhirdhia, infheistíocht bhreise i gcóras r-bhainistíochta doiciméad SFAÉ, agus tús le tionscadal astarraingthe sonraí óna gcóras bainistíochta fola, Progesa. Leanadh le caiteachas breise ar bhonneagar TF, agus le hinfheistíocht in ionadú fearas míochaine agus nua-theicneolaíocht.

Córais Airgeadais

Le linn na bliana forfheidhmíodh córas r-bhainistíochta doiciméad, darb ainm Rondo, ar fud na heagraíochta, chun cuidiú le próiseáil sonrasc na soláthróirí. B'fhorbairt shuntasach í seo ar fheabhsú leanúnach próiseas agus rialuithe laistigh den roinn airgeadais.

Reachtaíocht um Íoc Pras

Comhlíonann an Bord riachtanais na Reachtaíochta um Íoc Pras ach sa mhéid a luaitear thíos. An gnáthchairde a ghlacann an Bord, ach amháin má sonraítear a mhalairt sna sainsocruithe conartha, ná 30 lá ó dháta an tsonraisc nó ón am a dhearbhaítear go bhfuarthas earraí nó seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2007, faoi théarmaí na reachtaíochta infheidhmithe, bhí 347 sonrasc in iomlán, de luach €1,792,161, 63 lá mall ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 2.22% de réir lín agus 1.19% de réir luach na n-íocaíochtaí uile le soláthróirí ar earraí agus seirbhísí le linn na bliana. Íocadh ús €13,225 in iomlán i leith na n íocaíochtaí malla uile. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a ghnáthaimh riaracháin d'fhonn cuidiú le híoslaghdú an am a ghlactar d'fhiosrú agus do réiteach sonrasc.

"Tá an Bord tiomanta do chomhall na bhforálacha ábhartha den Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2001."

Rialachas Corparáideach

D'athbhreithnigh an Bord tuairiscí faoi rialuithe inmheánacha le linn na bliana mar aon le hathbhreithnithe rialta faoi thuairiscí Bord Leigheasra na hÉireann maidir le rialuithe oibríochtúla agus comhaill agus bainistiú rioscaí. Leanfaidh an Bord le hathbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag dlúthoibriú leis an IMB d'fhonn na caighdeáin is airde idirnáisiúnta a chinntiú.

D'aontaigh an Bord ar liosta ábhar a fhorchoimeádtar don Bhord, agus liosta ábhar a tarmligeadh don fheidhmeannas. D'aontaigh an Bord ar a mbeadh i lámhleabhar do chomhaltaí an Bhoird. D'aontaigh an Bord, freisin, ar shainchúram an Choiste Iniúchóireachta a leathnú chun comhall a chur san áireamh. Tiocfaidh an chéad chruinniú den Choiste Iniúchóireachta & Comhaill nua-chomhdhéanta le chéile i 2008.

Córas Feidhmithe an Bhoird

Tá dhá chomhalta déag ar an mBord lena n-áirítear Cathaoirleach neamhfheidhmeannach a cheap an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tagann an Bord le chéile go míosúil. Faigheann gach comhalta faisnéis cuí tráthúil chun cabhrú leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh. Glacann an Bord le cuíchomhairle ghairmiúil neamhspleách de réir mar is gá.

Tá struchtúr coistí curtha ar bun ag an mBord chun cabhrú le comhlíonadh éifeachtach a chuid dualgas.

Coiste Comhairleach Míochaine

Tá an Coiste Comhairleach Míochaine comhdhéanta de chomhaltaí cáilithe an Bhoird i gcúrsaí leighis agus foireann chomhairleach míochaine, agus tagann sé le chéile go míosúil. Tá sé d'fheidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an aistriúcháin mhíochaine agus le réimsí gaolmhara, eolas a thabhairt don Bhord faoi aon fhorbairtí dá shórt agus an Bord a chomhairliú faoin ngníomhaíocht chuí.

Coistí Airgeadais

Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire le linn na bliana agus tá triúr comhaltaí den Bhord air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta air, freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar ní ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na buiséid bhliantúla caipitiúla agus oibriúcháin, cuntaisí bainistíochta, árachas, soláthar, beartas cistíochta, caiteachas caipitiúil, cleachtais chostála agus socruithe baincéireachta agus maoinithe. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais agus tugann sé comhairle ar chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmeálta.

An Coiste Iniúchtóireachta

Bhuail an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire le linn na bliana agus tá triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách seachtrach amháin air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Míochaine, an Stiurthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, an Cuntasóir Bainistíochta agus an tIniúchóir Inmheánach air. Tig leis an gCoiste

athbhreithniú a dhéanamh ar ní ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, na bearta cuntasaíochta, comhall na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta na n-idirbhearta móra. Casann na hiniúchóirí seachtracha ar an gCoiste chun torthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais an Bhoird a athbhreithniú. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta faoi théarmaí tagartha foirmeálta.

Clárlann Rioscaí

Sainaithníonn an chlárlann rioscaí na rioscaí straitéiseacha, cliniciúla, airgeadais agus oibriúcháin atá roimh an eagraíocht agus na rialuithe láithreacha agus gníomhartha breise is gá chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú má tharlaíonn an riosca.

Athbhreithnítear agus nuashonraítear an chlárlann rioscaí ar bhonn rialta ag an nGrúpa Athbhreithnithe Gnó, chun a chinntiú gur rioscaí agus rialuithe reatha iad na cinn a shainaithnítear, agus go sainaithnítear rioscaí atá nua nó á nochtadh agus go bhfuil bearta rialaithe á bhfeidhmiú.

Gnó Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil leoracmhainní ag SFAÉ chun leanúint ag feidhmiú go hoibríochtúil sa todhchaí intuartha. Chuige seo, glacann siad i gcónaí leis an mbonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Rialú Inmheánach

Tá na comhaltaí Boird freagrach as rialú inmheánach SFAÉ agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird comhdhéanta de na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáide neamhúdaraithe, agus
- Cuíthaifid cuntasaíochta agus faisnéis airgeadais iontaofa a úsáidtear san eagraíocht a choinneáil.

Is iad na príomheilimintí de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird ná:

- Córas cuimsitheach um thuairisciú airgeadais
- Buiséad Bliantúil a réitítear agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird, agus monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad
- Struchtúr airgeadais atá léirshainithe
- Cuíscaradh dualgas
- Léirtheorainneacha údaráis do chaiteachas caipitiúil agus athfhillteach, faofa ag an gCoiste Airgeadais
- Príomhphróisis airgeadais atá lándoiciméadaithe i ngnáthaimh scríofa
- Stocáirimh míosúla a dhéanann baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann stórais
- Fíorú íocaíochta ar shonraisc soláthróirí ag baill foirne shinsearacha atá neamhspleách ar fhoireann na gcuntas iníoctha
- Seiceálacha fíoraithe agus rialuithe pasfhocal ag an gcóras airgeadais
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm

rialaithe creidmheasa

- Na duilíní seolta uile d'eisiúint táirgí a bheith meaitseáilte lena sonraisc chuí lena chinntiú go lánbhilleáiltear imeachtaí uile an Bhoird
- Gach ordú ceannaigh a bheith sínithe ag an oifigeach ceannaigh
- Sonraí stoic á bhforéileamh le luathordú
- Gach sonrasc neamhstoic a bheith sínithe agus códaithe ag bainisteoirí buiséid
- Gach sonrasc stoic a bheith meaitseáilte go neamhspleách le GRN an stórais.

Tá an Bord feasach gur ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistiú, seachas díothú, a dhéanamh ar an riosca go dteipfeadh orainn ár gcuspóirí gnó a bhaint amach. Ní thig le rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráitis nó caillteanais ábhartha.

Ráiteas faoi Dhualgais Chomhaltaí an Bhoird

Éilíonn an tOrdú um Bord na Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunaíocht) 1965, go n-ullmhódh an Bord ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe na hÉireann, dearcadh fíor, cothrom maidir le staid chursaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ní mór don Bhord:

- Cuíbheartais chuntasaíochta a roghnú agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh seachas más míchuí a réamh-mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as cuíleabhair chuntasaíochta a choinneáil, a léiríonn le cruinneas réasúnta am ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Comhaltaí an Bhoird

Ms Maura McGrath
Mr David Keenan
Mr David Lowe
Mr Sean Wyse Athcheaptha 7ú Aibreán 2007
Ms Jane O'Brien Athcheaptha 1ú Samhain 2007
An Dr Mary Cahill Athcheaptha 1ú Samhain 2007
An Dr Cees van der Poel
An Dr Rob Landers
An Dr Margaret Murray
Ms Margaret Mullett
Mr Gerry O'Dwyer
Mr Mark Moran

Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Áras an Státchiste
Clós an Chaisleáin Íochtarach
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Aturnaetha

McCann Fitzgerald Aturnaetha
Cois Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

Sonraí Teagmhála

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA
Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
f: 01 4322930
e: info@ibts.ie
www.giveblood.ie
Eolaslíne Deontóra 1850 731 137

LÁRIONAD FUILAISTRIÚCHÁIN RÉIGIÚN NA MUMHAN
Ospidéal Nmh. Fionnbarra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021 4807400
f: 021 4313014

CLINIC DEONTÓRA BAILE ÁTHA CLIATH
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01 4745000

CLINIC DEONTÓRA STIGH LORGAIN
6 Sean-Bhóthair Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

IONAD BHAILE ÁTHA FHIRDHIA
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co Lú
t: 041 6859994
f: 041 6859996

IONAD CHEATHARLACH
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Bóthar Bhaile Haicéad
Ceatharlach
t: 059 9132125
f: 059 9132163

IONAD LUIMNIGH
Carrig House
Ascaill Chloch Chéatainn
Páirc Gnó an Ráithín
Luimneach
t: 061 306980
f: 061 306981

IONAD THUAMA
Aonad 49
Páirc Gnó N17
Tuaim
Co naGaillimhe
t: 093 70832
f: 093 70587

LÁRIONAD NÁISIÚNTA FOLA
Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
f: 01 4322930
e: info@ibts.ie
www.giveblood.ie
aertel p691
Eolaslíne Deontóra 1850731137

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann